

8 Deireadh Fómhair 2020

Maidir le: Cigireachtaí i Seirbhísí Luathbhlianta

A Sholáthraí, a chara,

Tá súil agam go bhfuil tú go maith.

Mar is eol duit, thosaíomar cigireachtaí i seirbhísí i mí Iúil agus mar bheart idirthréimhseach, rinneamar roinnt athruithe ar ár bpróiseas cigireachta. Tugadh na hathruithe seo isteach chun sábháilteacht d'fhoirne/leanaí agus ár bhfoireann chigireachta a chinntiú agus chun an t-ualach ort a laghdú agus tú ag athoscailt do sheirbhís le linn na paindéime. Áiríodh leis na hathruithe seo an t-am a chaitear ar an láthair, an chuid iargúlta den chigireacht a mhéadú agus dáta na hoibre ar an láthair a fhógairt. Ina theannta sin, tá cuid shuntasach den chigireacht dírithe ar na rialuithe a chur tú i bhfeidhm chun cloí le hoibleagáidí rialaithe ionfhabhtaithe.

Bhí sé riachtanach freisin, agus leanfaimid orainn, i líon beag cásanna, cigireachtaí neamhphleanáilte a dhéanamh gan chuid iargúlta sa chás ina n-ardaítear imní suntasach nó práinneach faoi sheirbhís (m.sh. eolas gan iarraidh).

Rinneamar athbhreithniú ar chur i bhfeidhm na modheolaíochta athbhreithnithe seo agus de réir chomhairle sláinte poiblí, leanfaimid orainn ag íoslaghdú an méid ama a chaitear ar an láthair trí chuid shuntasach den chigireacht a dhéanamh lasmuigh den láthair. Ón 12 Deireadh Fómhair, leanfaidh Cigirí Luathbhlianta ag teagmháil leis an soláthraí cláraithe nó leis an duine atá i gceannas roimh an gcigireacht ar an láthair agus ag tabhairt deis dóibh an doiciméadúchán riachtanach a chur isteach sula dtéann siad ar an láthair. Mar sin féin, ní chuirfear an soláthraí cláraithe ar an eolas a thuilleadh faoi dháta na cigireachta lasmuigh den láthair. Tá sé seo ag teacht le deachleachtas rialála agus gníomhaireachtaí rialála stáit eile.

Tá an t-athrú próisis seo doiciméadaithe inár bprótacal athbhreithnithe, féach faoi iamh.

Mise le meas,



Eibhlin O'Leary

Ceann Cigireachta agus Measúnaithe

Rialáil Seirbhísí Leanaí